Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13976/22

INST 390
POLGEN 140
AG 130

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Clársceidealú reachtach<br>- *Malartú tuairimí* |

**Réamhrá**

1. In 2016, chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil an Aontais a atreisiú tríd an gcomhaontú idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr[1] (IIA-BLM míreanna 4 - 11). Chomh maith leis sin in 2016, d'fhormheas an Chomhairle a socruithe praiticiúla maidir le clársceidealú bliantúil[2].

2. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gclársceidealú ilbhliantúil agus ag na cláir bhliantúla i ndiaidh a chéile araon a áirithiú go n-oibreoidh na trí institiúid, ag gníomhú dóibh go héifeachtach le chéile laistigh dá gcumhachtaí agus dá sainchumais féin. Tá sé ríthábhachtach, in 2023 agus amach anseo, freagairt aontaithe ó institiúidí an Aontais a bheith ann ar an iliomad géarchéimeanna atá os comhair an Aontais, idir gheopholaitíocht, fhuinneamh, eacnamaíocht agus an t-athrú aeráide, tar éis phaindéim COVID-19 agus chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

1 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1
2 6879/16

**Clár oibre an Choimisiúin do 2023**

3. Áirítear i gclár oibre an Choimisiúin do 2023[3] (CWP 2023) sé cinn de phríomhuaillmhian, 43 chuspóir beartais nua, 32 go 38 dtionscnamh reachtach nua agus dhá thogra le haghaidh aistarraingtí nó aisghairmeacha, chomh maith leis na hocht dtionscnamh le haghaidh simpliú rialála (REFIT) agus 116 chomhad tosaíochta leanúnacha a shainaithint.

4. An 18 Samhain 2022, éistfidh an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) le cur i láthair an Choimisiúin maidir lena chlár oibre do 2023 agus beidh malartú tuairimí aici ina leith. I bhfianaise ár gcuspóirí beartais, beidh sé i gceist go príomha na réimsí beartais nó na téamaí agus na tograí a shainaithint, nithe ar cheart béim a leagan orthu sa Dearbhú Comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais do 2023-2024 (JD 2023-2024) ar féidir dul chun cinn réalaíoch a dhéanamh ina leith roimh dheireadh an téarma reachtaigh seo.

**An Dearbhú Comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha**

5. Tiocfaidh deireadh leis an téarma reachtach reatha le linn an chéad seimeastair de 2024, nuair a bheidh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ar siúl. Dá bhrí sin, cumhdófar a bhfuil fágtha den téarma reachtach leis an gcéad Dearbhú Comhpháirteach eile, mar a tharla in 2018-2019.

6. Ba luachmhar againn na Dearbhuithe Comhpháirteacha san am a chuaigh thart chun cuidiú le cuíchóiriú a dhéanamh ar an gcomhar idir na trí institiúid i dtaca leis an nós imeachta reachtach agus chun torthaí nithiúla a bhaint amach. Is doiciméid pholaitiúla iad agus níl aon ghealltanais dhlíthiúla ag gabháil leo ó thaobh na n-institiúidí de.

7. Áirítear an méid seo a leanas ar ghnáthstruchtúr dhá leibhéal na nDearbhuithe Comhpháirteacha:

   a) cuid ghinearálta níos polaitiúla a leagann béim ar réimsí nó téamaí níos leithne beartais; agus

   b) liosta de mhórthograí reachtacha atá faoi réir an ghnáthnóis imeachta reachtaigh, lena n-áirítear tionscnaimh reachtacha nua agus tograí atá ar feitheamh.

[3] 13847/22 + ADD 1

8. Tagraíonn an comhaontú idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr do na tograí liostaithe dá dtabharfar *'tosaíocht dóibh sa nós imeachta reachtach.'* Ní chiallaíonn sé sin go gcuirfear dlús le sprioc-amanna agus/nó go mbunófar sprioc-amanna agus ba cheart é a thuiscint mar a bheadh chomhthoilteanas á chur in iúl chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis na tograí liostaithe in 2023-2024.

9. Beidh toradh an mhalartaithe tuairimí sin agus an litir[4] ó Uachtarán na Comhairle chuig Uachtarán an Choimisiúin a d'eascair as an malartú tuairimí maidir le clársceidealú reachtach a tionóladh ag cruinniú na Comhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 20 Meán Fómhair 2022, mar bhonn chun dul i dteagmháil leis an dá institiúid eile. Coinneoidh an Uachtaránacht na toscaireachtaí ar an eolas le linn phróiseas caibidlíochta idirinstitiúideach Dhearbhú Comhpháirteach 2023-2024.

10. Is de thoradh ar an gcaibidlíocht leis an dá institiúid eile a mholfaidh an Uachtaránacht don Chomhairle Dearbhú Comhpháirteach 2023-2024 a fhormheas ag an gcruinniú a bheidh aici an 13 Nollaig 2022 (Gnóthaí Ginearálta) ionas go síneoidh Uachtaráin na dtrí institiúid é go gairid ina dhiaidh sin.

11. Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na ceisteanna ón Uachtaránacht maidir leis an malartú tuairimí.

---

[4] 12841/22

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Clársceidealú reachtach: Malartú tuairimí**

**Comhairle Gnóthaí Ginearálta an 18 Samhain 2022**

Tar éis phaindéim COVID-19 agus a héifeachtaí forleathana a raibh ar an Aontas agus na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu le gníomhaíochtaí meara cinntitheacha, tá dúshlán suntasach polaitiúil, slándála, eacnamaíoch agus daonnúil eile ann mar gheall ar chogadh foghach méadaitheach na Rúise i gcoinne na hÚcráine in 2022. Beidh gá le hiarrachtaí breise agus gníomhaíochtaí comhleanúnacha chun gealltanais an Aontais agus na mBallstát a thabhairt i leith na hÚcráine. Ag an am céanna, ní mór don Aontas a bheith ar aon rámh i gcónaí chun a shaoránaigh agus a ghnólachtaí a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair a bhaineann le fogha na Rúise fad atá uirlis troda á déanamh aici d'onnmhairí bia agus fuinnimh.

Don mhalartú tuairimí maidir leis an gclársceidealú reachtach sa Chomhairle an 18 Samhain 2022, ba mhaith leis an <u>Uachtaránacht</u> a iarraidh ar na toscaireachtaí díriú ar na ceisteanna seo a leanas:

– *Cé na réimsí nó na téamaí beartais ar cheart 'tosaíocht' a thabhairt dóibh sna 18 mí atá le teacht?*

– *Sa liosta tograí a ghabhann le clár oibre an Choimisiúin do 2023, cé na tograí atá faoi réir an ghnáthnóis imeachta reachtaigh (nua agus/nó atá ar feitheamh) ar cheart béim a leagan orthu roimh dheireadh an téarma reachtaigh reatha?*